An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 9 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**EUCO 1/23**

**CO EUR 1**
**CONCL 1**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (9 Feabhra 2023)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle Eorpach le hUachtarán na hÚcráine maidir le cogadh na Rúise ar an Úcráin agus maidir le tacaíocht an Aontais Eorpaigh don Úcráin agus dá muintir.*

*

* *

## I. AN ÚCRÁIN

1. Cáineann an Chomhairle Eorpach agus cáineann sí go dian, mar a rinne sí cheana, cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, fogha ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe. Tá an Úcráin agus a muintir ag fulaingt go mór, agus scrios scáfar á dhéanamh ar an tír le cogadh brúidiúil na Rúise, cogadh atá á fhearadh le beagnach bliain iomlán anois. Ní mór don Rúis deireadh a chur leis an gcogadh uafásach seo láithreach. Seasfaidh an tAontas Eorpach leis an Úcráin agus tacóidh sé léi go diongbháilte a fhad is gá.

2. Leanann an tAontas Eorpach de thacaíocht dhiongbháilte a thabhairt do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha arna n-aithint go hidirnáisiúnta, agus do cheart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint in aghaidh fhogha na Rúise. I gcomhairle lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta, leanfaidh an tAontas Eorpach de bhrú comhchoiteann a chur ar an Rúis agus féachfaidh sé leis an mbrú sin a mhéadú a thuilleadh le go gcuirfidh an Rúis deireadh lena cogadh foghach agus a cuid trúpaí agus trealaimh mhíleata a tharraingt siar ón Úcráin. Chun an costas ar an Rúis as a cogadh foghach a ardú a thuilleadh, glacadh caidhp phraghais ar tháirgí peitriliam. Tá an tAontas Eorpach faoi réir le leanúint dá bhearta sriantacha a threisiú i ndlúthchomhordú agus i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe domhanda. Na bearta chun teacht timpeall a sheachaint, déanfar iad a atreisiú.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí lántiomanta don chuntasacht. Is coireanna idirnáisiúnta iad ionsaithe marfacha neamh-idirdhealaitheacha leanúnacha na Rúise ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialta agus caithfear deireadh a chur leo. Ní mór an dlí daonnúil idirnáisiúnta, mar a chaitear le príosúnaigh chogaidh san áireamh, a urramú. Ní mór ligean, láithreach bonn, do na hÚcránaigh, go háirithe na páistí, a aistríodh go héigeantach chun na Rúise filleadh go sábháilte.

4. Tá an tAontas Eorpach lántiomanta ceannasaithe agus déantóirí uile na gcoireanna cogaidh, agus na dtromchoireanna eile atá á ndéanamh i ndáil le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus a gcomhchoirithe ar fad, a thabhairt chun cuntais. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach go hiomlán le hiarrachtaí na hÚcráine agus an chomhphobail idirnáisiúnta i ndáil leis sin, lena n-áirítear sásra iomchuí a bhunú le haghaidh choir an fhogha a ionchúiseamh, rud atá ina údar imní don chomhphobal idirnáisiúnta ina iomláine. Cuireann sí i dtreis go dtacaíonn an tAontas Eorpach le himscrúduithe Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus le lárionad idirnáisiúnta um ionchúiseamh choir an fhogha faoin Úcráin a chruthú sa Háig. Beidh an lárionad sin nasctha leis an bhFoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú atá ann cheana agus a fhaigheann tacaíocht ó Eurojust.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach faoi réir le tacú le tionscnamh na hÚcráine le haghaidh síocháin chóir bunaithe ar urraim do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine. Go dtí seo, níl aon fhíorthoil léirithe ag an Rúis i ndáil le síocháin chothrom inbhuanaithe a bhaint amach. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl go dtacaíonn sí le foirmle shíochána an Uachtaráin Zelenskyy agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas Eorpach tiomanta oibriú go gníomhach leis an Úcráin ar an bplean síochána 10 bpointe. Tacaíonn an tAontas Eorpach leis an smaoineamh go reáchtálfaí Cruinniú Mullaigh ar mhaithe le Foirmle Shíochána, a mbeadh sé mar aidhm aige cur chun feidhme an phlean a sheoladh. Oibreoidh an tAontas Eorpach i gcomhar leis an Úcráin chun an rannpháirtíocht idirnáisiúnta is leithne is féidir a áirithiú.

6. Aithníonn an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí suntasacha atá déanta ag an Úcráin le cúpla mí anuas chun na cuspóirí a bhaint amach atá mar bhonn taca dá stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas. Is díol sásaimh di iarrachtaí na hÚcráine athchóiriú a dhéanamh le linn na hanacra sin, agus molann sí don Úcráin cloí leis an mbóthar sin agus na coinníollacha a chomhlíonadh a shonraítear sa tuairim ón gCoimisiún maidir lena hiarratas ar bhallraíocht le go mbeidh sí in ann dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ballraíocht san Aontas amach anseo. Admhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil an Úcráin tiomanta na ceanglais is gá a chomhlíonadh chun tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais a luaithe is féidir. Tá an tAontas Eorpach ag súil le bheith ag obair go dlúth leis an Úcráin agus tacú léi ina cuid iarrachtaí na coinníollacha uile a shásamh ina n-iomláine. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur san Aontas Eorpach atá todhchaí na hÚcráine.

7. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach na gealltanais a tugadh sa ráiteas comhpháirteach tar éis an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht láidir pholaitiúil, eacnamaíoch, mhíleata, airgeadais agus dhaonnúil a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá. Go dtí seo, is fiú EUR 67 mbilliún ar a laghad an cúnamh foriomlán atá tugtha ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit don Úcráin agus do mhuintir na tíre sin. Bainfidh an tAontas Eorpach agus an Úcráin leas iomlán as acmhainneacht an Chomhaontaithe Comhlachais, lena n-áirítear an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, chun cúinsí a bhunú le haghaidh caidreamh feabhsaithe eacnamaíoch agus trádála leis an Aontas Eorpach a mbeidh lánpháirtiú eacnamaíoch na hÚcráine i margadh aonair an Aontais Eorpaigh mar thoradh air.

8. Tá an seachtú tráinse de EUR 500 milliún de thacaíocht mhíleata don Úcráin formheasta ag an Aontas Eorpach faoin tSaoráid Eorpach Síochána agus Misean um Chúnamh Míleata an Aontais Eorpaigh seolta aige chun 30 000 saighdiúir, mar líon tosaigh, a thraenáil in 2023. Fágann an méid sin gur beagnach EUR 12 bhilliún an tacaíocht mhíleata iomlán atá tugtha ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit. I bhfianaise na staide atá ann faoi láthair, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go bhfuil trealamh míleata á chur ar fáil go tapa ag na Ballstáit don Úcráin.

9. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí tacú le cobhsaíocht macra-airgeadais na hÚcráine. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair atá déanta ag an gCoimisiún agus ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus an Banc Domhanda maidir le tionscadail chun úsáid na Lánaí Dlúthpháirtíochta a leathnú go tapa chun feabhas a chur ar na féidearthachtaí trádála thar earnálacha éagsúla agus ar na deiseanna onnmhairiúcháin ón Úcráin.

10. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine in éineacht leis na comhpháirtithe. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach oibríochtú an ardáin comhordaithe deontóirí. Tá dlús á chur ag an Aontas Eorpach, i gcomhar lena chomhpháirtithe, lena chuid oibre chun sócmhainní reoite agus sócmhainní díluailithe na Rúise a úsáid chun tacú le hatógáil na hÚcráine agus chun cúiteamh a thabhairt di, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

11. Leagann an Chomhairle Eorpach béim freisin ar a thábhachtaí atá tacaíocht shíceolaíoch agus shíceasóisialta agus athshlánú, chomh maith le hathimeascadh iarshaighdiúirí cogaidh i saol sóisialta gníomhach. Cuirfidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dlús leis an tacaíocht a thugtar do chláir ghaolmhara, lena n-áirítear trí shaineolas speisialaithe. Cuirfear dlús freisin le soláthar cúnaimh dímhianaithe.

12. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé tiomanta an tacaíocht do dhaoine easáitithe a threisiú, san Úcráin agus san Aontas Eorpach araon, lena n-áirítear trí chúnamh airgeadais leordhóthanach agus solúbtha do na Ballstáit sin ar a bhfuil an ualach is mó de chostais leighis, oideachais agus mhaireachtála na ndídeanaithe.

## II. AN GEILLEAGAR

13. Agus aghaidh á tabhairt aige ar an bhfírinne gheopholaitiúil nua, gníomhóidh an tAontas Eorpach go cinntitheach chun a iomaíochas fadtéarmach, a rathúnas fadtéarmach agus an ról atá aige ar an ardán domhanda a áirithiú. Neartóidh an tAontas Eorpach a cheannasacht straitéiseach agus cuirfidh sé a bhonn eacnamaíoch, tionsclaíoch agus teicneolaíoch in oiriúint don aistriú glas agus don aistriú digiteach. Déanfaidh sé an margadh aonair a dhoimhniú agus cothrom iomaíochta a áirithiú go hinmheánach agus ar fud an domhain.

14. Tá sé ríthábhachtach don Aontas Eorpach a iomaíochas agus a tháirgiúlacht san fhadtéarma a fheabhsú. Le straitéis chuimsitheach, ba cheart leas eile a bhaint as poitéinseal iomlán an mhargaidh aonair, atá mar bhonn agus mar thaca ag rathúnas na hEorpa ó cruthaíodh é 30 bliain ó shin. Á mheabhrú di na conclúidí uaithi i mí na Nollag 2022, go háirithe gur iarr sí ar an gCoimisiún straitéis ar leibhéal an Aontais a thíolacadh chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin táirgiúlacht, pléifidh an Chomhairle Eorpach na hábhair sin arís ag an gcruinniú atá ar na bacáin aici.

15. Ag tógáil ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún *Green Deal Industrial Plan for the Net-Zero Age* [Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Aois Ghlan-Nialasach], agus i bhfianaise a anailíse críochnúla atá ar na bacáin, ní mór obair a thabhairt chun cinn go práinneach maidir leis na snáitheanna gníomhaíochta seo a leanas:

a) An beartas státchabhrach: ní mór nósanna imeachta a dhéanamh níos simplí, níos tapúla agus níos intuartha, agus deis a thabhairt tacaíocht shealadach spriocdhírithe chomhréireach a imscaradh go tapa, lena n-áirítear trí chreidmheasanna cánach, sna hearnálacha sin atá straitéiseach don aistriú glas agus a bhfuil drochthionchar ag fóirdheontais eachtracha nó praghsanna arda fuinnimh orthu. Ba cheart béim láidir a leagan freisin ar iomaíochas FBManna a chaomhnú. Ní mór sláine an mhargaidh aonair agus a chothrom iomaíochta a choimeád. Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin go ndéanfaí ionstraimí an Aontais, ar nós na dtionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna), a chur chun feidhme go héifeachtach trí thrédhearcacht a mhéadú agus trí nósanna imeachta a chuíchóiriú, go háirithe trí dhlús a chur le céimeanna an deartha agus an mheasúnaithe. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle go tráthrialta maidir le tionchar an bheartais státchabhrach sin ar an margadh aonair agus ar iomaíochas domhanda an Aontais;

b) Cistiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh: ag an am céanna, chun an t-aistriú glas ar fud an Aontais a éascú agus chun ilroinnt an mhargaidh aonair a sheachaint, tá gá le rochtain chothrom ar acmhainní airgeadais chun freagairt bheartais iomlán éifeachtach a fháil ón Aontas. Chuige sin, ba cheart cistí de chuid an Aontais atá ann cheana a úsáid ar bhealach níos solúbtha, agus ba cheart féachaint ar roghanna chun rochtain ar mhaoiniú a éascú. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle a áirithiú go ndéanfar an cistiú atá ar fáil agus na hionstraimí airgeadais atá ann cheana a shlógadh ina n-iomláine, ionas go gcuirfear ar fáil tacaíocht thráthúil spriocdhírithe in earnálacha straitéiseacha, gan difear a dhéanamh do chuspóirí an bheartais comhtháthaithe. Ina theannta sin, ba cheart leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta;

c) An timpeallacht rialála: is den bhunriachtanas go mbeadh na creatchoinníollacha le haghaidh infheistíocht san Aontas Eorpach simplí, intuartha agus soiléir. Ba cheart nósanna imeachta riaracháin agus ceadúcháin a shimpliú agus a bhrostú, lena n-áirítear chun acmhainneacht monaraíochta a áirithiú le haghaidh táirgí atá ríthábhachtach chun spriocanna aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach, agus an slabhra soláthair agus luacha thar theorainneacha á chur san áireamh ina iomláine. Ba cheart rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha a áirithiú, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú agus trí amhábhair a athchúrsáil chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn. Leis an athchóiriú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais atá ar na bacáin, ba cheart tacú le haistriú chuig córas dícharbónaithe éifeachtúil ar an gcostas is ísle is féidir, an tslándáil soláthair a áirithiú ag am ar bith agus iomaíochas an Aontais a neartú. Ba cheart rialacha soláthair phoiblí a nuachóiriú chun cuidiú le tionsclaíocht níos glaise a chothú agus ba cheart caighdeáin Eorpacha a chur chun cinn le gur fusa teicneolaíochtaí ríthábhachtacha a rolladh amach go tapa;

d) Scileanna: ba cheart gníomhaíocht níos misniúla agus níos uaillmhianaí a dhéanamh chun na scileanna a theastaíonn don aistriú glas agus don aistriú digiteach a fhorbairt a thuilleadh trí oideachas, oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na nganntanas lucht saothair agus ar chlaochlú na bpost, lena n-áirítear i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach;

e) Infheistíocht: tá gá le hinfheistíocht, idir phríobháideach agus phoiblí, chun bearnaí infheistíochta ar srian iad don fhás a dhúnadh. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a mholadh go mbunófar Ciste Eorpach Ceannasachta roimh shamhradh 2023 chun tacú le hinfheistíocht in earnálacha straitéiseacha.

16. Tá Aontas na Margaí Caipitil ríthábhachtach chun go leanfaidh an Eoraip de bheith ina mór-roinn táirgthe agus nuálaíochta. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí dlús a chur le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta chun Aontas Margaí Caipitil a Thógáil tríd an obair ar na tograí reachtacha sa réimse sin a thabhairt ar aghaidh agus a thabhairt chun críche.

17. Beidh sé ríthábhachtach clár oibre trádála a shaothrú a bheidh uaillmhianach, láidir, oscailte agus inbhuanaithe agus tacú le EDT agus le córas iltaobhach riailbhunaithe chun ceannasacht agus rathúnas na hEorpa a neartú. Chuige sin, ba cheart, le comhaontuithe saorthrádála agus infheistíochta atá cothrom agus trédhearcach, an cothrom iomaíochta a áirithiú agus ligean do shlabhraí soláthair athléimneacha iontaofa forbairt agus don Aontas Eorpach rochtain a fháil ar mhargaí nua. Ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí ar na slabhraí soláthair a éagsúlú, go háirithe i gcás amhábhair chriticiúla. Ní mór don Aontas Eorpach a leasanna féin a choimirciú freisin nuair a bhíonn aghaidh á tabhairt aige ar chleachtais éagóracha, trí úsáid a bhaint as ionstraimí cosanta trádála.

18. Agus na conclúidí reatha á gcur san áireamh, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún an obair ar an athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch a thabhairt ar aghaidh go tapa.

## III. <u>AN IMIRCE</u>

19. Phléigh an Chomhairle Eorpach staid na himirce, ar dúshlán Eorpach í a dteastaíonn freagairt Eorpach ina leith.

    Rinne an Chomhairle Eorpach measúnú ar chur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo, agus é d'aidhm aici cur chuige cuimsitheach i leith na himirce a fhorbairt lena gcuimseofar gníomhaíocht mhéadaithe sheachtrach, rialú níos éifeachtaí ar theorainneacha seachtracha an Aontais, agus gnéithe inmheánacha, i gcomhlíonadh an dlí idirnáisiúnta, phrionsabail agus luachanna an Aontais, agus chosaint na gceart bunúsach. Ag tógáil ar an litir ón gCoimisiún le déanaí, iarrann an Chomhairle Eorpach go neartófaí bearta oibríochtúla láithreach agus go gcuirfí dlús leo.

    Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme a conclúidí agus an cur chun feidhme sin a áirithiú, agus pléifidh sí an t-ábhar sin arís ar bhonn tráthrialta.

***Gníomhaíocht sheachtrach mhéadaithe***

20. Cuirfidh an tAontas Eorpach dlús lena ghníomhaíochtaí chun cosc a chur ar imeacht neamhrialta agus ar bhás daoine, chun an brú ar theorainneacha an Aontais agus ar acmhainní glactha a laghdú, chun smuigléirí a chomhrac agus chun líon na bhfillteacha a mhéadú. Déanfar é sin trí chomhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais a threisiú trí chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha. Ba cheart na bealaí imirceacha uile a chumhdach, agus le hacmhainní leordhóthanacha freisin.

Ba cheart pleananna gníomhaíochta atá ann cheana do bhealaí na mBalcán Thiar agus na Meánmhara Láir a chur chun feidhme. Ba cheart don Choimisiún pleananna gníomhaíochta do bhealaí an Atlantaigh agus na Meánmhara Thiar agus Thoir a thíolacadh mar ábhar tosaíochta, chun an brú ar na Ballstáit is mó atá buailte a mhaolú go tapa agus chun cosc éifeachtach a chur ar imircigh neamhrialta. Treiseofar rannpháirtíocht an Aontais agus na mBallstát le tíortha tionscnaimh agus idirthurais ar bhealach comhordaithe, lena n-áirítear trí theagmhálacha ardleibhéil, agus é mar chuspóir a n-acmhainneacht bainistithe teorainneacha a neartú, sreabha neamhrialta a chosc, samhail ghnó na smuigléirí a chur ó rath, lena n-áirítear trí fheachtais faisnéise straitéiseacha, agus fillteacha a mhéadú. Chuige sin, ba cheart an úsáid is fearr is féidir a bhaint as comhairliúcháin i bhfóraim chomhair le tríú tíortha, as cistiú faoi ICFCI-an Eoraip Dhomhanda agus as cistiú faoi ionstraimí ábhartha eile. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt dá chomhpháirtithe agus aghaidh á tabhairt acu ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus freisin, i ndáil le himirce shábháilte, rialta agus ordúil. Tá an comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, le neartú a thuilleadh.

21. Is den ríthábhacht agus den phráinn é go ndéanfaidh tíortha comharsanachta ailíniú ar a mbeartais víosaí ar mhaithe le bainistiú imirce agus freisin ar mhaithe le dea-fheidhmiú agus inbhuanaitheacht fhoriomlán na gcóras taistil gan víosa i gcás inarb ábhartha. I ndáil leis an méid sin, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go neartófaí an faireachán ar bheartais víosaí na dtíortha comharsanachta. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta ag comhpháirtithe na mBalcán Thiar ó thaobh ailíniú le beartas víosaí an Aontais agus iarrann sí orthu tuilleadh céimeanna a thabhairt. Tá an tAontas Eorpach faoi réir leis an gcomhar a dhoimhniú leis an réigiún i réimsí na himirce, an tearmainn, an bhainistithe teorainneacha, agus fillteacha, agus an leas is fearr is féidir a bhaint as na creataí atá ann cheana agus as na bealaí uile atá ar fáil.

***An comhar a fheabhsú maidir le fillteacha agus leis an athligean isteach***

22. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé go mbeadh beartas aontaithe, cuimsitheach agus éifeachtach ag an Aontas maidir le filleadh agus athligean isteach, mar aon le cur chuige comhtháite maidir le hathimeascadh. Tá gá le gníomhaíocht thapa chun fillteacha éifeachtacha a áirithiú ón Aontas Eorpach agus ó thríú tíortha ar feadh na gconairí, ar ais chuig tíortha tionscnaimh agus idirthurais, agus leas á bhaint, chuige sin, as beartais, ionstraimí agus uirlisí ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear taidhleoireacht, forbairt, trádáil agus víosaí, chomh maith le deiseanna le haghaidh na himirce dleathaí. I ndáil leis an méid sin, tá gá le cur chuige 'uile-rialtais' laistigh de na Ballstáit iad féin agus laistigh freisin d'institiúidí an Aontais. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle leas iomlán a bhaint as an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 25a den Chód Víosaí, lena n-áirítear go bhféadfaí bearta sriantacha a thabhairt isteach i ndáil le víosaí do thríú tíortha nach mbíonn ag comhoibriú maidir le filleadh. Chun dlús a chur leis na nósanna imeachta um fhilleadh, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit freisin cinntí a chéile maidir le filleadh a aithint. Iarrann sí ar an nGníomhaireacht um Thearmann treoir a chur ar fáil chun go méadófar an úsáid a bhaintear as na coincheapa maidir le tríú tíortha sábháilte agus tíortha tionscnaimh sábháilte. Iarrtar ar na Ballstáit úsáid a bhaint as an treoir sin, d'fhonn cur chuige níos comhordaithe a bhaint amach, rud a réiteodh an bealach i dtreo liosta coiteann den Aontas.

***Teorainneacha seachtracha an Aontais a rialú***

23. Tá sé de rún daingean i gcónaí ag an Aontas Eorpach rialú éifeachtach a áirithiú ar a theorainneacha seachtracha talún agus mara. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na Ballstáit ina leith sin agus:

    a) dearbhaíonn sí go dtacaíonn sí go hiomlán leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) agus a príomhchúram á chomhlíonadh, is é sin tacú leis na Ballstáit na teorainneacha seachtracha a chosaint, an choireacht trasteorann a chomhrac agus dlús a chur le fillteacha;

    b) athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé go mbeidh an Córas Dul Isteach/Imeachta agus an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil oibríochtúil a luaithe is féidir;

    c) iarrann sí go dtabharfaí an chaibidlíocht maidir le comhaontuithe stádais, idir nua agus athbhreithnithe, idir an tAontas agus tríú tíortha maidir le Frontex a úsáid mar chuid de na hiarrachtaí an comhar a neartú i réimse an bhainistithe teorainneacha agus na himirce;

    d) iarrann sí ar an gCoimisiún bearta a dhéanann na Ballstáit a chistiú, ar bearta iad lena rannchuidítear go díreach le rialú theorainneacha seachtracha an Aontais, ar nós treoirthionscadail an bhainistithe teorainneacha agus, ina theannta sin, leis an rialú teorann i bpríomhthíortha ar bhealaí idirthurais chuig an Aontas Eorpach;

    e) iarrann sí ar an gCoimisiún leas a bhaint láithreach as cistí substaintiúla agus as modhanna chun tacú leis na Ballstáit cumais agus bonneagar cosanta teorann, modhanna faireachais, lena n-áirítear faireachas ón aer, agus trealamh a threisiú. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún an Straitéis Eorpach um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha a thabhairt i gcrích go pras;

    f) aithníonn sí sainiúlachtaí teorannacha muirí, lena n-áirítear maidir le beatha daoine a choimirciú, agus leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí an comhar a threisiú i ndáil le gníomhaíochtaí Cuardaigh agus Tarrthála agus, sa chomhthéacs sin, tugann sí dá haire gur athsheoladh an Grúpa Eorpach Teagmhála um Chuardach agus Tarrtháil.

***Ionstraimiú, gáinneáil agus smuigleáil a chomhrac***

24. Cáineann an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí a dhéantar imircigh a ionstraimiú chun críoch polaitiúil, go háirithe nuair a úsáidtear iad chun tionchar a imirt nó mar chuid de ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha hibrideacha. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle leanúint den obair ar uirlisí ábhartha, lena n-áirítear bearta a d'fhéadfaí a thabhairt isteach i gcoinne oibreoirí iompair a dhéanann nó a éascaíonn an gháinneáil ar dhaoine nó an smuigleáil imirceach.

25. Trí chomhar láidir i measc na mBallstát agus le Europol, le Frontex agus le Eurojust, agus leis na príomh-chomhpháirtithe, déanfar comhrac na gáinneála ar dhaoine agus na smuigleála imirceach a threisiú a thuilleadh fós.

***Sonraí maidir le sreabha imirce agus feasacht staide***

26. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, feasacht choiteann staide a fhorbairt, feabhas a chur ar fhaireachán sonraí faoi acmhainneachtaí glactha agus faoi shreabha imirce agus treochtaí imirce nua a bhrath níos tapúla, isteach san Aontas Eorpach agus laistigh de. Molann sí d'údaráis na mBallstát tacaíocht ó ghníomhaireachtaí an Aontais – lena n-áirítear an Ghníomhaireacht um Thearmann agus Frontex – a iarraidh chun a áirithiú go ndéantar na himircigh uile a thagann isteach san Aontas Eorpach a chlárú i gceart.

***An Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann agus comhaid ghaolmhara***

27. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí, i bhfianaise an dul chun cinn a rinneadh in 2022, leanúint den obair i ndáil leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, i gcomhréir leis an Treochlár comhpháirteach, agus i ndáil leis an gCód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire rún na hUachtaránachta cur chun feidhme Threochlár Bhaile Átha Cliath a phlé mar aon le rannpháirtíocht éifeachtach an Aontais ag na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear maidir leis an ábhar i leith oibríochtaí a dhéanann eintitis phríobháideacha, ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag Comhairle CGB.

## IV. ÁBHAIR EILE

***An tIdirphlé idir Béalgrád agus Pristine***

28. I bhfianaise an teannais a bhí ann le déanaí i dtuaisceart na Cosaive, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a phráinní agus a thábhachtaí atá sé dul chun cinn a dhéanamh maidir le normalú an chaidrimh idir an Chosaiv* agus an tSeirbia tríd an idirphlé arna éascú ag an Aontas, faoi stiúir an Ardionadaí.

29. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra ón Aontas le déanaí maidir leis an gcaidreamh idir an dá pháirtí a chur ar bhonn nua inbhuanaithe agus is deis stairiúil é ar cheart don dá pháirtí a thapú, lena n-áirítear chun a bpeirspictíocht Eorpach a bhaint amach.

30. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an dá pháirtí na hoibleagáidí a chur chun feidhme, ina n-iomláine agus gan choinníollacha, ar thug siad gealltanas ina leith faoi chuimsiú an idirphlé, lena n-áirítear na comhaontuithe ó na blianta 2013 agus 2015, chun Comhlachas/Comhphobal na mBardas Seirbiach a chruthú.

***Crith talún sa Tuirc agus sa tSiria***

31. Tar éis an chreatha talún thragóidigh an 6 Feabhra 2023, déanann an Chomhairle Eorpach comhbhrón ó chroí leis na híospartaigh, agus seasann sí i ndlúthpháirtíocht le muintir na Tuirce na Siria.

32. Díreach tar éis na tragóide sin agus mar léiriú ar dhlúthpháirtíocht bhuanseasmhach an Aontais, imscaradh corradh le 1 600 tarrthálaithe chuig an Tuirc. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas faoi réir le tuilleadh cúnaimh a chur ar fáil chun an fhulaingt a mhaolú sna réigiúin uile atá buailte. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach tionscnamh Uachtaránacht na Sualainne agus an Choimisiúin Comhdháil Deontóirí a óstáil, sa Bhruiséil i mí an Mhárta, chun cistí ón gcomhphobal idirnáisiúnta a shlógadh chun tacú le muintir na Tuirce agus na Siria.

---

* *Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive*

33. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar chách rochtain dhaonnúil a áirithiú ar íospartaigh an chreatha talún sa tSiria gan beann ar an áit ina bhfuil siad. Tá acmhainní breise slógtha ag an Aontas Eorpach agus ag na Ballstáit chun tacú leis na hiarrachtaí daonnúla. Iarrann sé ar an bpobal daonnúil, faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, seachadadh tapa na cabhrach a áirithiú.